

Beartas Fíoraithe Sonraí Clárúcháin

Réamhrá

Déantar cur síos sa bheartas seo ar ár nós imeachta fíoraithe um shonraí clárúcháin ainmneacha fearainn agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige maidir le stádas an ainm (na n-ainmneacha) fearainn (an “Beartas” ina dhiaidh seo).

Eascaíonn sé as oibleagáidí dlíthiúla lena chinntiú go bhfuil an t-eolas inár mbunachar sonraí clárúcháin cruinn agus iomlán. Féadfaidh duine nádúrtha nó eintiteas dlíthiúil ar bith clárúchán nó athnuachan ainm fearainn .eu, .euo nó .eu a iarraidh, a chomhlíonann na Téarmaí agus Coinníollacha atá againn (lena n-áirítear na critéir incháilitheachta) atá againn agus ní féidir é a dhéanamh ach amháin trí chlárúitheoir creidiúnaithe. Mar chlárúcháin, déanaimid (nó “EURid”) sonraí clárúcháin sealbhóirí ainmneacha fearainn a bhailiú trínár líonra de chlárúitheoirí creidiúnaithe i gcomhréir leis na rialacha infheidhme.

Sonraí clárúcháin an ainm fearainn a fhíorú

De réir an Chomhaontaithe Clárúitheora Creidiúnaithe atá againn, ní mór do chlárúitheoirí sonraí clárúcháin atá iomlán agus cruinn a sholáthar dúinn agus coimeádaimid an ceart againn féin fíorúithe sonraí a dhéanamh mar atá luaite sna Téarmaí agus Coinníollacha atá againn.

Ní mór go mbeadh sonraí clárúcháin do chlárúcháin ainmneacha fearainn nua agus ainmneacha fearainn atá ann cheana féin cruinn agus iomlán agus d'fhéadfaidís a bheith faoi réir fíoraithe ag EURid ag am ar bith. Féadfar fíorú sonraí den chineál sin a dhéanamh roimh agus/nó i ndiaidh don ainm fearainn a bheith tarmligthe agus ag feidhmiú

Nuair a dhéanann EURid nós imeachta maidir le fíorú sonraí a thionscnamh, faigheann sealbhóir an ainm fearainn fógra chuig an seoladh ríomhphoist a úsáidtear do chlárú an ainm (na n-ainmneacha) fearainn, ag iarraidh a sonraí clárúcháin a fhíorú agus chuige sin logáil isteach ar thairseach “my.eurid.eu” de chuid EURid.

Ní dhéanfar ainm fearainn nuachlárúithe atá faoi réir fíorú sonraí a tharmligean agus beidh sé neamhghníomhach nó go mbeidh an fíorú rathúil. Nuair a bheidh an fíorú sonraí curtha i gcrích go rathúil, déanfar an t-ainm fearainn a tharmligean agus beidh sé gníomhach. I gcás go dteipeann ar fhíorú sonraí, beidh an t-ainm fearainn faoi seach neamhghníomhach go fóill agus déanfar é a sceidealú i gcomhair cúlghairme

Má theipeann ar fhíorú sonraí i gcás ainm fearainn atá ann cheana féin, cuirfear an t-ainm fearainn faoi seach ar fionraí agus déanfar é a sceidealú i gcomhair cúlghairme. Beidh ainm fearainn atá ar fionraí clárúithe go fóill ach beidh sé neamhghníomhach go sealadach. Ní bheidh seirbhísí atá nasctha leis an ainm fearainn sin, amhail suíomh gréasáin nó seoltaí ríomhphoist, ag feidhmiú a thuilleadh.

Ag am ar bith, féadfaidh sealbhóirí an ainm fearainn logáil isteach ar thairseach my.eurid.eu de chuid EURid chun a gcuid sonraí clárúcháin agus stádas a n-ainm (n-ainmneacha) fearainn a athbhreithniú. Más gá na sonraí clárúcháin a cheartú, ní mór do shealbhóir an ainm fearainn é sin a dhéanamh trína c(h)lárúitheoir.

Gan ainm fearainn atá ar fionraí a aistriú chuig cláraitheoir eile.

I gcás go dteipeann ar fhíorú sonraí, déantar an t-ainm (na hainmneacha) fearainn atá nasctha leis/leo a chur ar fionraí agus déantar aistriú chuig cláraitheoir eile a chosc, ach amháin i gcás:

- go bhfuil cinneadh ADR nó ordú cúirte deiridh á fheidhmiú; nó
- foirceannadh Chomhaontú an Chláraitheora Creidiúnaithe atá ag an gcláraitheoir a bhainistíonn an t-ainm fearainn .eu atá i gceist (airt. 8 ARA).

Féinfhíorú

Féadfaidh sealbhóir ainm fearainn ar bith a shonraí clárúcháin a fhíorú ar bhonn deonach ach logáil isteach ar thairseach my.eurid.eu de chuid EURid. Téann an féinfhíorú sin chun tairbhe do shealbhóir an ainm fearainn trí fhíorú sonraí ina dhiaidh sin a chosc agus an baol go ndéanfaí an t-ainm (na hainmneacha) fearainn atá gaolmhar leis/leo a chur ar fionraí, mura dtugtar gníomhaíocht mhaílseach faoi deara.

Eisceacht ar an nós imeachta fíoraithe

Tá ainmneacha fearainn atá faoi chosaint ag *Seirbhís Glasála Clárlainne* atá gníomhach eisiata ó nós imeachta um fhíorú sonraí mar go bhfuil fíorú sonraí tosaigh riachtanach chun an tSeirbhís Glasála Clárlainne a ghníomhachtú.

Séanadh

Féadaimid an Beartas seo a mhionathrú ag am ar bith, agus sa chás sin tiocfaidh an Beartas mionathruithe i bhfeidhm nuair a fhoilseofar ar ár suíomh gréasáin poiblí é.

I gcás neamhréire idir leaganacha den Bheartas seo i dteangacha éagsúla, beidh tús áite ag an leagan Béarla.